

Scéim chun Measúnaithe Síceolaíochta a Ordú (SCPA)

**DEIMHNIÚ AR MHEASÚNÚ A CHUR I GCRÍCH**

*(Níor chóir ach an bhunleagan comhlánaithe a chur)*

**NÓTA - BA CHÓIR FOIRM AMHÁIN UM DHEIMHNIÚ AR MHEASÚNÚ A CHUR I GCRÍCH (FOIRM 3) A LÍONADH LE HAGHAIDH GACH SCOLÁIRE**

**Sonraí Scoile** (le líonadh ag an bpríomhoide/múinteoir)

Ainm na Scoile:

Uimh. Rolla  
na Scoile

R-phost na Scoile:

Uimh.  
Ghutháin na  
Scoile:

Seoladh na Scoile:

**Sonraí Measúnaithe** (le líonadh ag an síceolaí SCPA)

Ceannlitreacha an  
Scoláire:

Dáta Breithe an Scoláire:

Dáta an  
Mheasúnaithe:

Dáta ar ar cuireadh an Tuairisc  
Síceolaíochta chuig  
Tuismitheoir(i) & Scoil:

Ainm an tSíceolaí  
SCPA:

Uimh.  
Ghuth. an  
tSíceolaí

Seoladh an tSíceolaí  
SCPA:

(BLOCLITREACHA,  
led' thoil)

**Seicliosta an tSíceolaí**

1.	D'oibrigh mé laistigh de mo réimse cumais i gcónaí, agus rinne mé an measúnú a riar le cúram agus dúthracht réasúnta.
2.	Chuir mé gach gné den mheasúnú seo i gcrích go pearsanta, lena n-áirítear na tascanna agus gníomhaíochtaí gaolmhara ar fad.
3.	Rinne mé an measúnú a riar i scoil an scoláire, le linn uaireanta scoile. <b>nó</b> Mar thoradh ar chúinsí eisceachtúla, agus le toiliú an Stiúrthóra Réigiúnda NEPS áitiúil, rinne mé an measúnú lasmuigh d'áitreabh na scoile.
4.	Chloígh mé le himlitréacha agus cáipéisí reatha a bhaineann le riachtanais speisialta oideachais, arna eisiúint ag NEPS/ROS agus an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE).
5.	Sholáthraigh mé m'ábhar trialacha nuashonraithe cuí féin agus chlúdaigh mé mo chostais eile as an táille don mheasúnú.
6.	Chinntigh mé, sular bhuail mé le scoláire, go raibh cóipeanna agam den Fhoirm Toilithe (Foirm 1) agus den Fhoirm Atreoraithe (Foirm 2) comhlánaithe ag an scoil.
7.	Rinne mé athbhreithniú ar thuairiscí roimhe agus ar thaifid scoile chuí ar an scoláire seo. Rinne mé trialacha aonair ar chumas cognaíoch agus ar ghnóthachtálacha agus seicliostaí iompraíochta cuí a riar mar ba ghá. Rinne mé breathnú sa seomra ranga nó sa chlós súgartha mar ba ghá.
8.	Tuigim go measann NEPS/ROS go dtógann sé an chuid is mó de lá scoile measúnú a chur i gcrích faoin scéim seo cé gur féidir, i gcúinsí annamha, go mbeidh síceolaí SCPA dhá mheasúnú a chur i gcrích thar lá iomlán.
9.	Bhuail mé le tuismitheoirí/caomhnóirí agus múinteoirí an scoláire chun aiseolas ó bhéal a thabhairt ar thoradh an mheasúnaithe, ag míniú na dtátaí agus a n-impleachtaí.
10.	Sholáthraigh mé, laistigh de mhí féilire amháin, tuairisc síceolaíochta le moltaí do na tuismitheoirí/caomhnóirí agus don scoil, ag cur san áireamh gur chóir go mbeadh stíl, ábhar agus formáid na tuairisce oiriúnach do na daoine atá á fháil agus ag teacht le riachtanais NEPS.
11.	Chuir mé bunleagan comhlánaithe agus sínithe d'Fhoirm 3 faoi bhráid an phríomhoide, in éineacht le cóip den tuairisc measúnaithe.

Deimhním, maidir le mo mheasúnú ar \_\_\_\_\_ (Ceannlitreacha an Scoláire), ar \_\_\_\_\_ (dáta), go bhfuil gach céim den phróiseas mar atá luaite thuas curtha i gcrích agam, agus gur chloígh mé go hiomlán le téarmaí agus coinníollacha na Scéime chun Measúnuithe Síceolaíochta a Ordú (SCPA), a ndéantar achoimre orthu sna céimeanna thuasluaite.

Glacaim nach mór íocaíocht as an measúnú seo a dhéanamh as cistí SCPA go heisiach agus deimhním nach bhfuil íocaíocht lorgtha nó faighte agam ó fhoirse ar bith eile. Le linn mo chuid oibre fuair mé sonraí pearsanta ar an scoláire seo, a d'úsáid mé chun críche an mheasúnaithe agus na tuairisce seo amháin. Coinneoidh mé na sonraí seo faoi réir riachtanas na nAchtanna Um Chosaint Sonraí.

Sínithe: \_\_\_\_\_ (Síceolaí) Dáta: \_\_\_\_\_

Sínithe bunaidh amháin - ní cheadaítear fótachóipeanna

**Seicliosta Phríomhoide na Scoile**

1.	Roghnaíodh an scoláire a raibh measúnú síceolaíochta aonair de dhíth air/uirthi faoi réir na cáipéise 'SCPA: Treoirínite do Scoileanna – 2015/2016.
2.	Shocraigh mise, nó múinteoir ainmnithe, cruinniú le tuismitheoirí nó caomhnóirí dlí an scoláire, inar míníodh na cúiseanna leis an measúnú agus inar míníodh gach roinn den Fhoirm Toilithe (Foirm 1). Ansin thug na tuismitheoirí/caomhnóirí a dtóiliú scríofa don mheasúnú.
3.	Thug mise, nó múinteoir ainmnithe, le fios do na tuismitheoirí/caomhnóirí roimh ré gurb iad ROS/NEPS a íocann na táillí a bhaineann leis an measúnú go hiomlán.
4.	Líonadh an Fhoirm Atreoraithe (Foirm 2), leis an ábhar pléite go hiomlán le tuismitheoirí/caomhnóirí.
5.	Rinne mise, nó múinteoir ainmnithe, síceolaí a ordú ón bpainéal SCPA reatha leis an measúnú a chur i gcrích.
6.	Chuaigh mise, nó múinteoir ainmnithe, i gcomhairle leis na tuismitheoirí/caomhnóirí faoin mbealach ab' fhearr leis an scoláire a ullmhú do mheasúnú, ag cur a c(h)uid aoise san áireamh.
7.	Rinne mise, nó múinteoir ainmnithe, socruithe go ndéanfaí an measúnú <u>sa scoil, le linn uaireanta scoile, nó</u> , mar thoradh ar chúinsí eisceachtúla agus <u>le toiliú an Stiúrthóra Réigiúnda NEPS áitiúil</u> , rinne an síceolaí an measúnú SCPA lasmuigh d'áitreabh na scoile.
8.	Thug mé sonraí faoi Phlean Foghlama an Scoláire (Próifíl Aonair agus Clár Foghlama/Plean Tacaíochta Scoile nó Plean Bainistíochta Iompraíochta), mar ba chúí, don síceolaí, maraon le torthaí ar thrialacha diagnóiseacha agus scagthástála.
9.	Chuidigh mise, nó múinteoir ainmnithe, le socruithe do chruinnithe idir na tuismitheoirí/caomhnóirí, múinteoirí agus an síceolaí, mar ba chúí.
10.	Tá cóip den tuairisc síceolaíochta á iniamh agam leis an Fhoirm seo um Dheimhniú Mheasúnú a Chur i gCrích (Foirm 3).

Deimhním, maidir leis an measúnú ar \_\_\_\_\_ (ceannlitreacha an scoláire), ar \_\_\_\_\_ (dáta), go bhfuil téarmaí agus coinníollacha na Scéime chun Measúnuithe Síceolaíochta a Ordú (SCPA), a ndéantar achoimre orthu sna céimeanna thuasluaite, comhlíonta agamsa nó ag múinteoir ainmnithe.

Deimhním gur chuir \_\_\_\_\_ (ainm an tsíceolaí) an measúnú síceolaíochta seo i gcrích.

Measann NEPS/ROS go dtógfaidh sé an chuid is mó de lá scoile measúnú a chur i gcrích faoin scéim seo. I gcúinsí annamha b'fhéidir go mbeidh síceolaí SCPA dhá mheasúnú a chur i gcrích thar lá iomlán ach i gcoitinne ní bheidh ach ceann amháin ann

Ar \_\_\_\_\_ (dáta), fuair an tuismitheoir/na tuismitheoir/an caomhnóir/na caomhnóirí agus an scoil cóip den tuairisc síceolaíochta.

Sínithe: \_\_\_\_\_ (Príomhoide) Dáta: \_\_\_\_\_

Sínithe bunaidh amháin - ní cheadaítear fótachóipeanna

**TÁBHACHTACH** - Chun an próiseas a chur i gcrích agus chun a chinntiú go bhfaigheann an síceolaí íocaíocht mar is cuí, ba chóir do phríomhoide na scoile an FHOIRM 3 chomhlánaithe **AGUS** cóip den tuairisc síceolaíochta chuig:

**Riarthóir SCPA**  
**NEPS**  
**An Roinn Oideachais agus Scileanna**  
**Urlár 2, Bloc 1**  
**Sráid Maoilbhríde**  
**Baile Átha Cliath 1**

*Fiosruithe gutháin:* 01 8896776      *Fiosruithe r-phoist:* [scpa@education.gov.ie](mailto:scpa@education.gov.ie)

**NÓTA:** NÍ MÓR AN FHOIRM SEO (4 LEATHANACH AR FAD LE CHÉILE) A BHEITH SÍNITHE AG AN SÍCEOLAÍ SCPA AGUS AG PRÍOMHOIDE NA SCOILE.

NÍ MÓR Í A BHEITH FAIGHTE AG NEPS LAISTIGH DE THRÍ MHÍ Ó DHÁTA AN MHEASÚNAITHE

**AGUS**

**NÍ MÓR CÓIP DEN TUAIRISC SÍCEOLAÍOCHTA A BHEITH IN ÉINEACHT LÉI**

#### **AISEOLAS**

Led' thoil, tabhair do thuairimí nó do mholtaí, maidir leis an measúnú ar leith seo, nó maidir leis an bpróiseas ar an iomlán, sa rannóg thíos nó ar bhileog scartha.